

# Bí ciallmhar – faigh an ceann is fearr ar fhógraí agus ar ghaistí ar líne!

*Cliceáil ar na carachtair thíos chun na rúin a nochtadh!*



**Aimsigh costais  
fholaithe ardán  
'saor in aisce'**



**Fainic gaistí  
margaíochta**



**Bíodh do  
chearta ar líne  
ar eolas agat**

# Aimsigh costais fholaithe ardán 'saor in aisce'

Tá go leor suíomhanna gréasáin, ardán meán sóisialta agus aipeanna ann, ar nós YouTube, Instagram, TikTok nó Roblox, a dhealraíonn sé go bhfuil siad iomlán saor in aisce. Mar sin féin, níl siad saor in aisce i ndáiríre.



Úsáideann comhlachtaí bearta gllice chun airgead a thuilleadh.





# Aimsigh costais fholaithe ardán 'saor in aisce'

## Fógraí ar líne

AD

Ar na bealaí chun airgead a dhéanamh, tá **fógraíocht** – íocann branda chun teachtaireacht tráchtála a thaispeáint nó urraíonn siad scagaire ar aip teachtaireachtaí ar nós Snapchat.

## Sonraí pearsanta

Seans go n-úsáidfidís nó go ndíolfaidís **sonraí pearsanta** fút freisin, mar shampla, chun bheith ábalta fógra nó postáil a thaitneoidh leat a chur ar fáil duit.

**Creideann comhlachtaí go bhfuil níos mó seans ann go gceannóidh tú a dtáirge má thaitníonn fógra leat.**

# Aimsigh costais fholaithe ardán 'saor in aisce'

Anois, nuair a théann tú go suíomhanna gréasáin nó aipeanna, tá siad cosúil le bleachtairí digiteacha.



Bailíonn siad eolas fút—d'ainm, d'aois, do chaithimh aimsire, na postálacha a thaitníonn leat, na cuntais a leanann tú, do shuíomh, pictiúir a d'uaslódáil tú, agus fiú sonraí do ghairis.

Tá sé mar a bheadh siad ag cruthú próifíl díot, píosa amháin ag an am.

# Aimsigh costais fholaithe ardán 'saor in aisce'

Do phróifíl phearsantaithe



Is minic a dhéanann comhlachtaí fógraíocht do cheannaitheoirí óga, cosúil leatsa. Cén fáth sin? Bhuel, ta roinnt sárchumhachtaí agat:

airgead póca le caitheamh ar líne

ábaltacht a áitiú ar do thuismitheoirí rudaí áirithe a cheannach







# Fainic gaistí margaidh



## ● Cúrsaí airgid: tionchairí



Uaireanta, faigheann tionchairí a leanann tú ar líne, ar ardáin ar nós YouTube nó TikTok, **íocaíocht** chun labhairt faoi tháirgí (éadaí, cúram cnis, bréagáin, bia, etc.), faoi imeachtaí nó faoi chinn scríbe taistil.



Tá go leor tionchairí ann nach n-insíonn duit gur fógra atá ann (ach ba cheart!). Fágann siad an chuma air nach bhfuil á dhéanamh acu ach ag roinnt a gcuid smaointe féin!

# Fainic gaistí margaidh



## ● Cúrsaí airgid: cluichíocht

Sa domhan digiteach, seans maith go mbíonn fógraí áirithe faoi cheilt i gcluichí maithe agus in áiteanna fíorúla crochta thart (ar nós na meiteachruinne).

Tabharfaidh tú cuid de na fógra faoi deara a bhfuil siad an-soiléir, cosúil le

**fógraí aníos**



Bíonn cinn eile ann nach bhfuil chomh soiléir céanna, ar nós

**clár fógraí nó iontais sa chúlra**





## Leid 1



## Cuir ceist ort féin

- An bhfuiltear ag iarraidh rud éigin a dhíol dom leis an bpostáil seo?
- An bhfuil an chuma ar an eolas seo go bhfuil sé iontaofa?
- Cén costas atá air in airgead 'ceart'?





## Leid 2



## Athraigh na socruithe

- Déan na socruithe príobháideacha ar d'fhóin, do chuid aipeanna nó do chluichí a oiriúnú.
- In áiteanna áirithe, bíonn rogha agat gan fógraí a fheiceáil, mar shampla, má shíníonn tú suas nó má íocann tú uair amháin.
- Is féidir leat fothaí pearsantaithe a chasadh as, chun na cineálacha postálacha a fheiceann tú a athrú.



## Leid 3



## Bíodh tuiscint agat ar do chaiteachas

- Labhair le do thuismitheoirí nó le duine fásta a bhfuil muintín agat ann faoi chaitheamh airgid ar líne.
- Bí ar an eolas faoi cibé a thaispeántar an praghas in airgeadra fíorúil nó in airgeadra ceart.
- Bí cinnte go dtuigeann tú an difríocht agus an 'costas ceart' sula socraíonn tú rud éigin a cheannach.



## Leid 4



## Bíodh smacht agat ar do chuid sonraí

- Bí feasach ar théarmaí agus coinníollacha aon ardáin a úsáideann tú.
- Iarr eolas ar na comhlachtaí a bhailíonn do chuid sonraí.
- Iarr orthu do chuid sonraí a cheartú nó a scriosadh, nó stop a chur le hé a úsáid le haghaidh margaidh.





# Mar dhuine óg, tá cearta agat:

Bíodh do chearta ar líne ar eolas agat

1 Chun sult a bhaint as am ar líne, roinn eolas, féach ar ábhar spráíúil agus imir cluichí gan fógraí a bheith ag cur isteach ort.

2 Do chuid sonraí pearsanta a choinneáil slán ar na meáin shóisialta, ar aipeanna agus ar chluichí.

3 Chun bheith cosanta ar dhúshaothrú tráchtála ar na meáin shóisialta, ar aipeanna agus ar chluichí.

4 Chun go gcloisfí do ghlór agus rialacha nua á ndéanamh faoin domhan ar líne, agus nuair atá uirlisí nua á ndearadh.

Ciallaíonn sé sin nach féidir le comhlachtaí iarracht a dhéanamh teacht i dtír ort nó tionchar a imirt ort ar bhealach ar bith a ndéanfaidh sé deacair ort do rogha féin a dhéanamh, mar shampla, chun mír i gcluiche a cheannach.

5 chun gearán a dhéanamh mura n-urramaítear do chearta.



# Ní mór do thionchairí agus do chomhlachtaí rialacha a leanúint

Bíodh do chearta ar líne ar eolas agat

## Ba cheart do thionchairí:



### a bheith oscailte faoi fhógraí

Ní mór é a bheith ráite ar fhógraí i bhfíseáin nó i bpictiúir gur fógra é. Is féidir leo #fógraíocht nó #fógra a úsáid, brandaí a chlibeáil, nó fógra aipe a úsáid.



## Ba cheart do chomhlachtaí:



### Coinnigh do chuid sonraí príobháideach

Le rialacha nua AE ar líne, cuirtear stop le hardáin ar líne a bheith ag taispeáint fógraí duit bunaithe ar a bhfuil ar eolas acu fút.



### Cosain do chuid eolais

Ní mór do chomhlachtaí srian a chur leis an méid sonraí pearsanta a bhailíonn siad, go háirithe sonraí a úsáidtear le haghaidh margáíochta.

## Ettevõtted ei tohiks:



### Teacht i dtír ar do chuid mothúchán

Ní féidir le comhlachtaí cleasa a imirt a fhágann go mothaíonn tú go dona nó ciontach, chun cur ort rudaí a cheannach.



### Sind survestada

Níor cheart go gcuirfí brú ort le fógraí chun rudaí a cheannach, nó thú a spreagadh le ceist a chur ar do thuismitheoirí rudaí a cheannach. Ní chheadaítear bearta ar nós uaineadóirí comhairimh síos nó tairiscintí faoi dheifir i gcluichí.






## Tuairiscigh ábhar contúirteach

- Déan aon rud is ábhar imní duit, nó a cheapann tú go mb'fhéidir go bhfuil sé díobhálach, a thuairisciú.
- Pléigh na cásanna seo le duine a bhfuil muintín agat ann.



Má chreideann tú nach bhfuil do chearta á n-urramú, déan teagmháil leis an Ionad d'Idirlíon Níos Sábhailte i do thír chun cuidiú a fháil le tuairisciú nó leis an údarás ceart a fháil.





**Better Internet for Kids**

[Chun tuilleadh a fhoghlaim, féach ar acmhainní AdWiseOnline!](#)

